



Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean  
National Pensions Reserve Fund Commission

Coimisiún an  
Chúlchiste  
Náisiúnta Pinsean

*Tuarascáil Bhliantúil  
& Ráitis  
Airgeadais*

2019

# CLÁR AN ÁBHAIR

Tuarascáil an Choimisiúin	3
Ráitis Airgeadais	6

## **Tuarascáil an Choimisiúin**

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“GBCN”) Bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (“an Cúlchiste”) agus feidhmíonn sí mar ghníomhaire Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (“an Coimisiún”) agus é ag cur a chuid feidhmeanna faoin Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 (“an tAcht”) i bhfeidhm. Tá Ráiteas Rialachais GBCN agus Tuarascáil Bhail na Gníomhaireachta foilsithe i dTuarascáil Bhliantúil 2019 GBCN.

Chuir GBCN luach €7.1 billiún ar Phunann Lánroghnach an Chúlchiste amhail an 21 Nollaig 2014. Aistríodh na sócmhainní inaistrithe ar fad ón gCúlchiste go dtí an Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn (“an CISE”) ar an dáta sin. Ba shócmhainní arna rialú ag dlí eachtrach an chuid eile de Phunann Lánroghnach an Chúlchiste. Amhail an 31 Nollaig 2019, tá na sócmhainní eachtracha ar fad, seachas €51,000 d’aiséilimh cánach siarchoinneálaí, aistrithe go dtí an CISE. Feidhmíonn The Bank of New York Mellon agus BNY Mellon SA/NV mar Fheighlí Domhanda do na sócmhainní atá fágtha sa Chúlchiste.

A luaithe is a aistreofar na sócmhainní ar fad go dtí an Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn, tá sé i gceist go ndíscaoilfear an Coimisiún.

## **Táillí agus Costais**

Tá costais leanúnacha an Chúlchiste ag nialas. Gearrtar aon chostais a bhaineann le haistriú ar an gCiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn.

## **Ráiteas ar Chomhlíonadh**

Tá GBCN, mar Bhainisteoir an Chúlchiste, tar éis Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a chur i bhfeidhm i ndáil leis an gCúlchiste sa mhéid go mbaineann ceanglais an Chóid le bainistiú an Chúlchiste.

## **Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin**

Leis an Acht, éilítear ar an gCoimisiún ráitis airgeadais bhliantúla an Chúlchiste a ullmhú.

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin (ar lean)

Agus na ráitis sin á n-ullmhú acu, déanann an Coimisiún:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin murar cuí sin a dhéanamh;
- a lua ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin sin a shainithint, agus an tionchar a bhí ag aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin agus an chúis a bhí leis an imeacht ábhartha a lua.

Tá an Coimisiún freagrach as gach cuntas cuí agus gnásúil ar airgead a fuair agus a chaith sé a choinneáil, in cibé foirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais, agus as taifid chuntasaíochta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach tráth ar bith suíomh airgeadais an Chúlchiste agus costais riaracháin an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach freisin as na sócmhainní a rialaíonn sé a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

De bhun alt 38(1) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (“Acht GBCN 2014”), bunaíodh an CISE an 22 Nollaig 2014. Rinneadh sócmhainní agus dliteanais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn de shócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste ar an dáta sin de bhun Alt 38(2) d’Acht GBCN 2014, seachas i gcás sócmhainní eachtracha agus dliteanais eachtracha áirithe.


Ón dáta sin amach níl sa Choimisiún ach coimisinéir amháin (Príomhfheidhmeannach GBCN) a n-éilítear air de bhun Acht GBCN 2014 a mhéid is indéanta le réasún a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt d’aistriú aon sócmhainní atá fágtha arna rialú ag dlí eachtrach.

### **Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin (ar lean)**

Chun críocha ráitis airgeadais an Chúlchiste, dí-aithníodh na sócmhainní agus na dliteanais ar fad a bhí fágtha sa Chúlchiste an 31 Nollaig 2019. Aithnítear na sócmhainní agus na dliteanais sin agus cuirtear i láthair iad i ráitis airgeadais an CISE.



**Conor O'Kelly**  
An Coimisinéir  
2 Meitheamh 2020



---

**RÁITIS AIRGEADAIS AN CHÚLCHISTE NÁISIÚNTA PINSEAN**

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019**

---

# **An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean**

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019**

---

## **Clár an Ábhair**

	<b>Leathanach</b>
Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Faisnéis Eile	3
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	4
Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	6
Cuntas an Chúlchiste	8

## **An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean**

### **Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Faisnéis Eile**

---

#### **An Coimisinéir**

Conor O'Kelly (de bhrí oifige)

#### **Bainisteoir**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“GBCN”)

Foirgneamh an Státhchiste

Sráid na Canálach Móire

Baile Átha Cliath 2

D02 XN96

#### **Feighlí Domhanda**

The Bank of New York Mellon

240 Greenwich Street

Manhattan

Nua-Eabhrac

Stáit Aontaithe Mheiriceá

BNY Mellon SA/NV

Rue Montoyer 46,

1000 An Bhruiséil,

An Bheilg

#### **Iniúchóir**

Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

3A Sráid an Mhéara Uachtarach

Baile Átha Cliath 1

D01 WP44



## **An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean**

### **Ráiteas ar Rialú Immheánach**

---

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Ghníomhaireacht”) bainisteoir an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean. Tá córas na Gníomhaireachta maidir le rialú inmheánach leagtha amach thíos.

#### ***Raon Freagrachta***

Thar ceann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, aithnímid an fhreagracht atá ar an nGníomhaireacht a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach. Is cuid den fhreagracht sin riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

#### ***Cuspóir an Chórais um Rialú Immheánach***

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú sa chaoi is go mbeifear in ann é a sheasamh, seachas deireadh ar fad a chur leis. Ní féidir leis an gcóras dá bhrí sin ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go gcoisctear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go mbraítear iad go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Gníomhaireacht don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 agus go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

#### ***Acmhainn chun Riosca a Láimhseáil***

Tá creat foirmiúil bainistíochta riosca agus rialachais i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht, atá deartha chun tacú le bainistíocht réamhghníomhach riosca. Leagtar amach i mBeartas agus Creat Bainistíochta Riosca agus i gCreat Inghlacthachta Riosca na Gníomhaireachta an inghlacthacht riosca agus na próisis bainistíochta riosca, agus sonraítear iontu róil agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Is ag an nGníomhaireacht atá an mhaoirseacht agus an chuntasacht deiridh i ndáil le bainistíocht riosca, agus tugann sí treoir ach an Beartas agus an Creat Bainistíochta Riosca agus an Creat Inghlacthachta Riosca a fhaomhadh. Ina dhiaidh sin, deimhníonn an Ghníomhaireacht di féin ar bhonn leanúnach go bhfuil an bhainistíocht feidhmiúcháin ag freagairt do rioscaí ar bhealach iomchuí, agus bíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (CIR) ag cabhrú léi i dtaca leis sin. Déanann an Coiste monatóireacht i dtaobh an bhfuiltear ag cloí leis na rialacha maidir le rialachas riosca agus inghlacthacht riosca agus cinntíonn go ndéantar rioscaí a aithint, a mheasúnú, a bhainistiú agus a thuairisciú i gceart.

Triúr ball de chuid na Gníomhaireachta a bhfuil taithí airgeadais agus iniúcháireachta acu a bhí ar an CIR in 2019. Is duine acu an Cathaoirleach. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2019.

Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Fiontraíochta (CBRF) ar leibhéal feidhmiúcháin monatóireacht ar chur chun feidhme inghlacthacht riosca fhoriomlán na Gníomhaireachta agus ar na córais chuí a bhíonn á gcur ar bun ag an ardbhainistíocht lena chinntiú go ndéantar rioscaí fiontraíochta a aithint agus a thomhas, agus go ndéantar monatóireacht, rialú agus tuairisciú orthu go héifeachtach.

Nuashonraíodh an Beartas agus an Creat Bainistíochta agus an Creat Inghlacthachta Riosca in 2019, agus foilsíodh iad agus cuireadh na baill foirne go léir ar an eolas fúthu. Táthar ag súil go gcloífídh an fhoireann go léir leis na ceanglais atá iontu. Bhí clár oiliúna agus feasachta maidir le riosca sa tréimhse tuairiscithe ina thacaíocht ag an neadú bainistíochta riosca.

#### ***An Creat Riosca agus Rialála***

Soláthraítear le Beartas agus Creat na Gníomhaireachta maidir le Bainistíocht Riosca, i dteannta an Chreata Inghlacthachta Riosca, an mhodheolaíocht agus na próisis lena ndéantar príomhrioscaí a aithint, a mheas agus a bhainistiú agus lena ndéantar monatóireacht agus tuairisciú orthu, agus tá sraith beartas bainistíochta riosca ann chun tacú leo.

Coimeádann aonaid ghnó agus feidhmeanna corparáideacha ar leith cláir riosca ina ndéantar a bpríomhrioscaí agus a rialúcháin a thaifeadadh agus ina sanntar freagracht as feidhmiú na rialúcháin. Déanann na haonaid ghnó agus na feidhmeanna corparáideacha faoi seach athbhreithniú ar na cláir sin faoi dhó sa bhliain, agus is iad úinéirí na rialúcháin atá iontu a fhianaíonn na rialúcháin sin. Rinne na coistí riosca iomchuí athbhreithniú ar na cláir riosca le linn na tréimhse tuairiscithe.

Rinne an CIR dhá athbhreithniú freisin ar phríomhrioscaí na Gníomhaireachta sa tréimhse tuairiscithe, bunaithe

## An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

### Ráiteas ar Rialú Immheánach

---

#### An Creat Riosca agus Rialála (ar lean)

ar chleachtas measúnuithe riosca ón mbarr anuas a rinne an CBRF.

Tá timpeallacht rialaithe bhunaithe ag an nGníomhaireacht, faoina ndéantar na nithe seo a leanas:

- Déanann Príomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta údarás agus freagrachtaí airgeadais a tharmligean chuig bainistíocht agus chuig baill foirne na Gníomhaireachta trí úsáid a bhaint as údarais tharmligthe lena sainítear a n-údarás agus a bhfreagrachtaí airgeadais chun gníomhú thar ceann na Gníomhaireachta.  
14
- Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag an nGníomhaireacht i ndáil le bainistíocht phríomhghnéithe a gníomhaíochtaí. Déanann na húinéirí gnó athbhreithniú ar na beartais agus ar na nósanna imeachta sin agus déanann siad iad a nuashonrú lena gcur in oiriúint do phróisis ghnó.
- Tá córas iomchuí bainistíochta airgeadais agus buiséid ag an nGníomhaireacht, lena gcuimsítear rialúcháin ar chuntas iníoctha mar aon le tuairisciú rialta ar chostas na Gníomhaireachta agus monatóireacht ar chostas le taobh buiséid don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.
- Tá creat tuairiscithe airgeadais bunaithe ag an nGníomhaireacht chun tacú lena ceanglais tuairiscithe sheachtraigh agus reachtúil i ndáil lena gnó.
- Tá córais, nósanna imeachta agus rialúcháin bhunaithe i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun a sócmhainní gnó a bhainistiú agus a chosaint, lena n-áirítear sócmhainní réadmhaoine, trealaimh agus feithicle.
- Glacann an Gníomhaireacht gach beart réasúnach a mheastar a bheith riachtanach chun faisnéis agus córais a chosaint lena n-áirítear rúndacht, sláine agus údaracht na faisnéise a stóráiltear ar chórais na Gníomhaireachta agus chun an riosca rochtana neamhúdraithe ar fhaisnéis, ó fhoinsí inmheánacha agus seachtracha araon, a laghdú a mhéid is féidir. Baintear amach an chosaint sin trí chaighdeán, beartais agus rialúcháin aitheanta a chur i bhfeidhm.
- Tá Creat Cibearshlándála bunaithe ag an nGníomhaireacht chun aithint, measúnú agus bainistiú na rioscaí cibearshlándála nach mbeadh cosaint ag an nGníomhaireacht orthu a éascú. Soláthraítear Oiliúint rialta ar Fheasacht i measc na Foirne do gach ball foirne den Gníomhaireacht.
- Tá creat leanúnachais gnó i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht d'fhonn a chinntiú go bhfuil ar a cumas cásanna suaiteacha a bhainistiú, boinn theagmhasacha a sholáthar, príomhchórais a aisghabháil agus leanúnachas oibríochtaí criticiúla a chothabháil an oiread is féidir, agus gnáthoibríochtaí gnó a thosú arís go tráthúil.

## An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

---

#### *Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach*

Tá próisis bunaithe ag an nGníomhaireacht chun monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht na rialúchán a dhéantar trína samhail ina bhfuil trí cinn de bhearta cosanta, lena n-áirítear:

- Cuimsítear leis an gcéad bheart cosanta aonaid ghnó agus feidhmeanna corparáideacha na Gníomhaireachta, agus is leo na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó agus is iad atá freagrach go príomha as na rioscaí sin a bhainistiú ar bhonn laethúil. Cuimsítear leis sin bearta a chur i bhfeidhm chun cloí le beartais bainistíochta agus inghlacthachta riosca na Gníomhaireachta agus faireachán a dhéanamh air sin, féinmheasúitithe riosca agus rialála a dhéanamh, imeachtaí oibríochtúla a bhainistiú, agus freagairtí iomchuí a chur i bhfeidhm. Cuireann siad tuarascálacha ar fáil do Choistí Rialachais Riosca na Gníomhaireachta maidir lena rioscaí agus rialúcháin agus imeachtaí oibríochtúla.
- Cuimsítear leis an dara beart cosanta feidhmeanna Riosca agus Comhlíonta na Gníomhaireachta agus tá sé neamhspleách ar bhainistíocht agus ar oibríocht an chéad bhirt. Déanann an fheidhm Riosca maoirsiú ar chomhlíonadh na mbeartais bainistíochta riosca ar fud na Gníomhaireachta, soláthraíonn sí athbhreithniú neamhspleách agus dúshlán ar an gcéad bheart cosanta, agus soláthraíonn sí tuairiscí ar rioscaí agus faisnéis do na coistí rialachais riosca éagsúla. Déanann an Fheidhm Chomhlíonta agus an tOifigeach um Chosaint Sonraí comhlíonadh agus feasacht ar chosaint sonraí pearsanta a chur chun cinn trí oiliúint, cóid iompair agus beartais ábhartha a sholáthar. Soláthraíonn siad tacaíocht maidir le comhlíonadh agus cosaint sonraí pearsanta, comhairle agus dúshlán neamhspleách do bhainistíocht an chéad bhirt, agus cuireann siad tuarascálacha rialta faoi bhráid CBRF agus CIR.
- Tá an iniúchóireacht inmheánach ar an tríd beart cosanta, agus cuireann sí dearbhú bunaithe ar riosca ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht rialachas na Gníomhaireachta, an chórais bainistíochta riosca, agus éifeachtacht dearaidh agus oibríochta na timpeallachta rialála inmheánaí faoi chlár oibre pleanáilte atá faofa ag an CIR. Soláthraíonn an t-iniúchóir inmheánach tuairisciú rialta don CIR maidir le stádas na timpeallachta rialála inmheánaí i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe a dhéantar agus stádas na saincheisteanna iniúchóireachta inmheánaí a tháinig chun cinn roimhe seo.

#### *Soláthar*

Tá Beartas Soláthair (atá foilsithe ar an láithreán gréasáin) agus Nós Imeachta Soláthair bunaithe ag an nGníomhaireacht. Tá cleachtais soláthair na Gníomhaireachta ag teacht leis na doiciméid sin. Tá plean soláthair corparáideach, bunaithe ar an teimpléad atá foilsithe sa doiciméad creata beartais ón Oifig um Sholáthar Rialtais, i bhfeidhm agus tá sé á chur chun feidhme. Déantar an plean soláthair corparáideach a nuashonrú ar bhonn bliantúil.

Déantar athbhreithniú ar Bheartas Soláthair agus Nós Imeachta Soláthair na Gníomhaireachta ar bhonn leanúnach.

#### *Athbhreithniú ar Éifeachtacht*

Dearbháimid go bhfuil nósanna imeachta ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Cuireann obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a mhaoirsiú a gcuid oibre, agus an ardbhainistíocht taobh istigh de Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Deimhnímid go ndearna an Ghníomhaireacht athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialúchán inmheánach do 2019.


Níor aithníodh aon laigí ar rialú inmheánach i leith an Chúlchiste i ndáil le 2019 ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean**

**Ráiteas ar Rialú Immheánach (ar lean)**



**Cathairleach, Gníomhaireacht  
Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**



**Cathairleach an Choiste Iniúcháireachta agus  
Riosca, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin  
Náisiúnta**

5 Bealtaine 2020



## An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

### Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

#### An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

##### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (an Cúlchiste) arna n-ullmhú ag Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (an Coimisiún) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 26 den Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000. Cuntas an Chúlchiste atá sna ráitis airgeadais.

I mo thuairim, cuireann na ráitis airgeadais iarmhéid an Chúlchiste amhail an 31 Nollaig 2019 i láthair i gceart.

##### Bunús na tuairime

Rinne mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta arna gcur chun cinn ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar an gCoimisiún agus chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a chur faoi mo thuairim.

##### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an Coimisiún faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Is é atá san fhaisnéis sin ná an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas ar fhreagrachtaí agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín leis an tuairisc seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i ndáil le faisnéis den sórt sin agus ar nithe áirithe eile a dtuairiscím orthu ar bhonn eisceachtúil.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina thaobh sin.

**Seamus McCarthy**  
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

13 Bealtaine 2020

## Aguisín leis an tuairisc

### Freagrachtaí Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

Sa ráiteas ar fhreagrachtaí leagtar amach na freagrachtaí atá ar an gCoimisiún

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 26 den Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000
- a chinntiú go gcuireann na ráitis airgeadais iarmhéid an Chúlchiste amhail an 31 Nollaig 2019 i láthair i gceart
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu is cuí nó nach cuí bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- maidir leis an rialú inmheánach a mheasann sé a bheith riachtanach le go mbeifear in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 26 den Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 ráitis airgeadais an Chúlchiste a iniúchadh agus tuairisc orthu a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus mé i mbun an iniúchta ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go braithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míshonruithe a dhéanamh de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá mbeadh súil leis go réasúnta go rachaidis, ina n-aonar nó le chéile, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm i rith an iniúchta go léir. Agus mé á dhéanamh,

- Aithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míshonrú ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta ar leor agus cuí í chun bunús a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfeair míshonrú ábhartha de bharr calaoise níos mó ná an riosca nach mbraithfeair ceann de bharr earráide, ó tharla go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sa chás áirithe atá i gceist, ach ní chun críche tuairim ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a chur in iúl.
- Déanaim meastóireacht ar cé chomh cuí agus a bhí na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus cé chomh réasúnta agus a bhí na meastacháin chuntasaíochta agus na nithe gaolmhara a nochtadh.

- Bainim tatal maidir le cé chomh cuí is atá sé úsáid a bhaint as bunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Choimisiúin leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thatal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar na nithe gaolmhara a nochtadh sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nithe sin, mo thuairim a leasú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuair mé go dtí dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh sé, áfach, nach leanfadh an Coimisiún ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó dálaí amach anseo.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, na nithe a nochtadh san áireamh, agus cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Téim i gcomhairle leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc nithe eile, an raon agus an t-am atá beartaithe don iniúchadh agus fionnachtana suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar rialú inmheánach a shainaithníim i gcaitheamh an iniúchta.

#### Ráiteas ar rialú inmheánach

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an ráiteas ar rialú inmheánach a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon dearbhú ina leith sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas a léamh agus, fad is atáim á dhéanamh sin, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis atá ann ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, nó an ndéalaíonn sé go bhfuil sí míshonraithe ar bhealach eile. Má bhainim de thatal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míshonrú ábhartha déanta ar an bhfaisnéis sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

#### Tuairiscíú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má bhíonn ábhair ábhartha ann maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Agus iniúchadh ar bun agam, féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí i gceist nó nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Tuairiscím ar bhonn eisceachtúil freisin más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

### Cuntas an Chúlchiste

#### Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018
	€m	€m
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019	-	-
Gluaiseachtaí	-	-
<b>Iarmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig 2019</b>	<b>-</b>	<b>-</b>

Ar thosach feidhme Chuid 6 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (“Acht GBCN 2014”), a tharla an 22 Nollaig 2014, rinneadh sócmhainní agus dliteanais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn de shócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste (faoi réir fhorálacha Sceideal 4 d’Acht GBCN 2014 i gcás sócmhainní eachtracha agus dliteanais eachtracha áirithe). Caithfear aistriú sócmhainní eachtracha a dhéanamh i gcomhar leis an gcontrapháirtí ábhartha. Tá an próiseas críochnaithe a bheag nó a mhór, agus bhí líon beag sócmhainní eachtracha nach raibh aistrithe de réir dlí ón gCúlchiste go dtí an Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn amhail an 31 Nollaig 2019.

Dhí-aithnigh Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) na sócmhainní ar fad atá fágtha sa Chúlchiste agus aithnítear agus cuirtear i láthair iad i ráitis airgeadais an Chiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn. Tá aistriú na sócmhainní eachtracha de réir dlí casta agus bhí roinnt sócmhainní eachtracha fós sa Chúlchiste amhail an 31 Nollaig 2019 mar seo a leanas:

	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019	An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018
	€000	€000
Sócmhainní iomlána sa Chúlchiste de réir dlí	51	50

Baineann na sócmhainní atá sa CNP fós amhail an 31 Nollaig 2019 le haiséilimh cánach siarchoinneálaí.

Ba é luach margaidh na sócmhainní atá fós le haistriú de réir dlí chuig an gCiste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn amhail an 31 Nollaig 2019 ná €51k. A luaithe is a aistrefar na sócmhainní ar fad de réir dlí go dtí an Ciste Infheistíochta Straitéisí d’Éirinn, tá sé i gceist go ndíscaoilfear Coimisiún an Chúlchiste.



**Conor O’Kelly, an Coimisinéir**  
Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

**5 Bealtaine 2020**